# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**An Scrúdú Scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DE CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó Impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Astarraingt na Breataine ón India, 1945-1947***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) De réir dhoiciméad A, cén cinneadh a bhí le déanamh ag Indiaigh?

   (b) Cén fáth a raibh imní ar na Moslamaigh, dar le doiciméad A?

   (c) Déan cur síos ar an gcaoi a léirítear an India i ndoiciméad B.

   (d) Cad iad na bagairtí atá os comhair na hIndia, dar le doiciméad B?

(20)

2. (a) An léiríonn an dá dhoiciméad nach bhfuiltear ar aon intinn faoi thodhchaí na hIndia? Mínigh do fhreagra agus tú ag tagairt don dá dhoiciméad.

   (b) Cé acu doiciméad a thugann an dearcadh is dóchasaí faoi thodhchaí na hIndia? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)

3. (a) An le Hiondúigh nó le Moslamaigh na hIndia is mó a léiríonn doiciméad A comhbhá? Cuir fáthanna le do fhreagra.

   (b) An dearcadh dearfach nó dearcadh diúltach i leith na gceannairí polaitiúla a léiríonn an cartúnaí i ndoiciméad B? Cuir fáthanna le do fhreagra.

(20)

4. Cad iad na deacrachtaí a bhain le hastarraingt na Breataine ón India?

(40)

| | |
|---|---|
| Civil War = Cogadh Cathartha | New Constitution = Bunreacht Nua |
| Famine = Gorta | Moslem = Moslamach |

**Baineann na focail seo le Doiciméad B thall.**

**- Doiciméad A -**

**Sliocht leasaithe is ea é seo as tuarascáil (Bealtaine 1946) Mhisean na Comh-Aireachta, toscaireacht d'airí rialtais a cuireadh ó Londain chun fadhb na hIndia a fhiosrú.**

Táimid tar éis a chinneadh gur chóir socruithe a dhéanamh láithreach trínar féidir le hIndiaigh bunreacht na hIndia a chinneadh sa todhchaí.

Tá iarracht déanta againn a bheith cóir le gach cuid den phobal, idir bheag agus mhór; agus réiteach a mholadh a chuirfidh modh praiticiúil ar fáil chun an India a rialú sa todhchaí. Chomh maith leis sin, cuirfidh an réiteach seo bunús maith faoi chúrsaí cosanta agus cuirfidh sé deis mhaith ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí sóisialta, polaitíochta agus eacnamaíochta.

Scrúdaíomar chomh maith, go grinn agus go neamhchlaonta, na féidearthachtaí a bhaineann leis an India a chríochdheighilt. Tá imní ghéar chráite ar na Moslamaigh go mbeidís go deo faoi riail an mhóraimh Hiondúigh agus chuaigh sin go mór i gcion orainn. Tá an mothúchán seo tar éis éirí chomh láidir agus chomh forleathan i measc na Moslamach nach féidir é a mhaolú le cosaint ar pháipéar amháin.

Má tá síocháin inmheánach le bheith san India, caithfear í a dhaingniú trí bhearta a chinnteoidh go mbeidh smacht ag Moslamaigh ar gach ní atá ríthábhachtach dá gcultúr, dá reiligiún agus dá leas eacnamaíoch agus eile.

**- Doiciméad B -**

**Tráchtann an cartún seo as *The Daily Mail*, 14 Bealtaine 1946, ar iarrachtaí Sir Stafford Cripps, ó Mhisean na Comh-Aireachta, teacht ar réiteach idir na ceannairí Indiacha Jinnah ('Moslem') agus Gandhi (a bhfuil an brísteán á chaitheamh aige).**



## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna ba thábhachtaí a bhí ag Dónall Ó Conaill agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis iad a bhaint amach? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí freagairtí rialtais agus/nó freagairtí poiblí don Ghorta Mór? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí go dtí 1870: oideachas; na hiarnróid; forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste? (100)
4. Cad iad na príomhfhorbairtí a rinneadh san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus/nó sna healaíona cruthaitheacha le linn na tréimhse 1815-1870? (100)

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a d'fhoghlaim tú faoi stair na mban ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: an Ghluaiseacht Vótála; Isabella Tod; Hanna Sheehy-Skeffington? (100)
2. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhí ag Parnell mar cheannaire polaitíochta? (100)
3. Cad ba chiall le ceist Uladh agus conas a tháinig an tAontachas chun cinn, 1870-1914? (100)
4. Conas a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas le hathbheochan chultúir le linn na tréimhse 1870-1914: CLG; Conradh na Gaeilge; Athbheochan na Litríochta Angla-Éireannaí? (100)

*Éire: Topaic 3*

### Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag bagairt agus ag úsáid foréigin ar Éirinn le linn na tréimhse 1912-1923? (100)
2. Conas a chuaigh rialtas Thuaisceart Éireann i ngleic le fadhbanna eacnamaíochta agus/nó le bagairtí slándála, 1920-1945? (100)
3. Cén tábhacht a bhain le Comhdháil Chorp Chríost, 1932? (100)
4. Conas a d'fhorbair an caidreamh Angla-Éireannach le linn na tréimhse 1923-1949? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le Grosse Îsle i stair na himirce as Éirinn? (100)
2. Cén ról a d'imir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas i ngnóthaí Mheiriceá na nGael: na Molly Maguires; John Devoy; Boss Croker; Joe Kennedy? (100)
3. Conas a bhí saol agus scríbhinní Dhónaill Mhic Amhlaigh mar scáil ar thaithí na n-imirceach Éireannach? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoin imirce as Éirinn sa 20ú haois ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: scannáin agus ceol; John F. Kennedy; turasóireacht agus oidhreacht? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a bhí an méid a chuir Terence O'Neill le gnóthaí Thuaisceart Éireann? (100)
2. Cén tábhacht a bhain le conspóid Ollscoil Chúil Raithin agus/nó le gníomhaíochtaí Phrintísigh Dhoire? (100)
3. Cad iad na hiarrachtaí polaitiúla a rinneadh chun réiteach a fháil ar na "Trioblóidí", 1969-1993? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar Thuaisceart Éireann anuas go dtí 1993: Bernadette Devlin; Ian Paisley; Seamus Heaney? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a d'athraigh stádas na mban le linn na tréimhse 1949-1989? (100)
2. Cé acu den bheirt, Seán Lemass nó Jack Lynch, ba mhó a raibh dúshlán roimhe mar Thaoiseach? Déan do chás a áitiú, agus tagairt agat don bheirt díobh. (100)
3. Conas a d'fhorbair an caidreamh Angla-Éireannach le linn na tréimhse 1949-1989? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ar iascach na hÉireann agus/nó cén tionchar a bhí ag an teilifís ar shochaí na hÉireann? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Metternich le gnóthaí na hEorpa, 1815-1848? (100)
2. Cén fáth ar tharla réabhlóid sa Ghearmáin sa bhliain 1848 agus cén fáth ar theip uirthi? (100)
3. Cad a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an náisiúnachas cultúrtha: ceol; ealaín; litríocht agus teanga? (100)
4. Conas a rinne duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas iarracht athrú a chur i gcrích sa Bhreatain, 1815-1871: Robert Owen; Feargus O'Connor; Robert Peel? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuaigh polasaí Weltpolitik Wilhelm II i bhfeidhm ar an gcaidreamh idirnáisiúnta? (100)
2. I rith na tréimhse 1900-1920, conas a chuaigh cogaíocht agus réabhlóid i bhfeidhm ar an Rúis? (100)
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar stiúradh an chogaidh agus/nó ar mhná sa lucht oibre i rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le gnóthaí na hEorpa: an Pápa Leo XIII; Rosa Luxemburg; Woodrow Wilson? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na dúshláin ba mhó a bhí roimh an bhFrainc, 1920-1945? (100)
2. Cad iad na príomhthréithe a bhain le riail Stailín sa Rúis? (100)
3. Cé chomh mór agus a bhí polasaí eachtrach Hitler, 1933-1939, freagrach as tús a chur leis an Dara Cogadh Domhanda? (100)
4. Conas a chuaigh an Frith-Ghiúdachas agus an tUileloscadh i bhfeidhm ar an Eoraip, 1920-1945? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth, agus cé chomh mór, ar ghluais an Eoraip i dtreo an aontais, 1945-1973? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag Géarchéim na hOla, 1973, ar gheilleagair Iarthar na hEorpa? (100)
3. Céard a d'fhoghlaim tú faoi stair an Aontais Shóivéadaigh ón staidéar a rinne tú ar dhuine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Nikita Khrushchev; Alexander Solzhenitsyn; Mikhail Gorbachev? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1992, cad iad na forbairtí a tharla i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: cleachtadh reiligiúnach; cultúr na hóige agus an cultúr coiteann; na mórmheáin chumarsáide? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a láimhseáil an tUachtarán Harry Truman nó an tUachtarán Lyndon Johnson na dúshláin a bhí roimhe? (100)
2. Cé chomh mór agus a chuaigh geilleagar SAM chun cinn chomh maith le dul ar gcúl le linn na tréimhse 1945-1989? (100)
3. Cén ról a d'imir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas i bpolasaí eachtrach SAM: an Chóiré; Cúba; SALT agus Star Wars? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas i stair SAM: Hollywood, 1945-1968; baghcat na mbusanna in Montgomery; an reiligiún i gcultúr nua-aimseartha Mheiriceá? (100)

***Leathanach Bán***